


Uimhreas: Úsáidí an uimhris – Moltaí don timpeallacht foghlama

SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Bain úsáid as cloig analógacha agus dhigiteacha nó uaireadóirí chun a léiriú conas a úsáidtear uimhreacha chun am a insint.
- Taispeáin féilire mór sa seomra ranga inar féidir le páistí uimhreacha a fheiceáil a úsáidtear chun laethanta, seachtainí agus míonna a léiriú. Marcáil agus/nó comhair síos go dátaí suntasacha amhail breithlaethanta agus laethanta saoire.
- Airgead súgartha (boinn agus nótaí) a chur ar fáil le haithris a dhéanamh ar idirbhearta fíorshaoil. Bain úsáid as i siopa seomra ranga nó le haghaidh gníomhaíochtaí ina gcleachtann páistí airgead a chomhaireamh agus ceannacháin a dhéanamh.
- Cuir 'saotharlann tomhais' ar bun agus bíodh rialtóirí, bataí méadair, miosúir, agus crúiscíní tomhais ar fáil do pháistí chun fad/meáchan/toilleadh rudaí amhail leabhair, deasca, nó comhábhair i ngníomhaíochtaí cócaireachta a thomhas.
- Jabanna sa seomra ranga a shannadh bunaithe ar sceideal sealaíochta, ag cabhrú le páistí ord agus seicheamh a thuiscint.
- Cruthaigh uimhirlíne ar bhalla nó ar an urlár ag baint úsáid as cártaí uimhrithe nó marcóirí. Cabhraíonn sin le páistí seichimh uimhreacha agus méideanna coibhneasta a shamhlú agus a thuiscint.
- Bain úsáid as scóir, figiúirí, barragraif nó pictagraim shimplí chun sonraí a bhaineann leis an seomra ranga a thaispeáint, amhail na dathanna, na peataí nó na foirne is fearr leat. Déan plé ar an gcaoi a n-úsáidtear uimhreacha chun faisnéis a eagrú agus a léirmhíniú.
- Cuir lipéad ar mhíreanna sa seomra ranga le huimhreacha, amhail boscaí leabhar, cófraí beaga, nó crúcaí. Treisíonn sin aithint uimhreacha agus scileanna eagrúcháin.
- Cruthaigh seichimh amhairc nó treoracha céim ar chéim le céimeanna uimhrithe le haghaidh gnáthaimh nó gníomhaíochtaí sa seomra ranga, amhail gabháil i líne, tascanna a chríochnú, nó glanadh suas.
- Cuir uimhreacha isteach i dtionscadail ealaíne ina gcruthaíonn páistí colláisí, patrúin, nó dearaí ag baint úsáid as cruthanna, greamáin nó stampaí uimhrithe.
- Taispeáin íomhánna ina bhfuil roinnt uimhreacha, m.sh., *seatanna scáileáin de threoracha teilifíse ar líne, físchluichí, amchláir traenach nó féilirí scoile.*



SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Tabhair cuairt ar shiopa áitiúil agus spreag páistí chun breathnú ar úsáid na n-uimhreacha sa siopa agus ar shuntasacht na n-uimhreacha seo, m.sh., *praghsanna, cainníochtaí, srl. a fháil amach.*
- Bain úsáid as uimhreacha chun na tomhais a aithint do chomhábhair cosúil le plúr, siúcra agus bainne chun rudaí deasa cosúil le cácaí agus brioscaí blasta a dhéanamh. Is éard atá i gceist le comhábhair a thomhas ná uimhreacha agus cainníochtaí beaga agus móra a aithint. Chomh maith leis, bain úsáid as uaireadóir chun a chinntiú go bhfuil siad bÁCáilte díreach i gceart!
- Fiosraigh an chaoi a n-úsáideann dearthóirí intí, pluiméirí, siúinéirí, tíleoirí, péintéirí, lúthchleasaithe, srl. uimhreacha ina gcuid oibre.
- Fiosraigh an chaoi a n-úsáidtear uimhreacha nuair a théimid ar thuras, m.sh., *nuair a théimid ar an mbus nó an traen ní mór dúinn matamaitic a úsáid chun na sceidil a sheiceáil, an bus/traein/eitilt cheart a roghnú, ticéid a cheannach agus an bealach is fearr a phleanáil.*
- Agus sibh ag dul ar shiúlóidí nó ar thurais lasmuigh den scoil, tarraing aird ar úsáid éagsúil uimhris sa cheantar áitiúil agus ar a bhfeidhm, m.sh., *clárúcháin gluasteán, luas agus comharthaí bóthair eile, líon na bhfoirgneamh, praghsanna, srl.*

